

- |    |  |   |
|----|--|---|
| 1. | Cad a rinne tú an tseachtain seo?<br>Bhí mé ag ...<br>Chuaigh mé go (dtí an) ...<br>Chonaic mé ...<br>D'ith mé ... | What did you do this week?<br>I was at ...<br>I went to (the) ...<br>I saw ...<br>I ate ... |
| 2. | An maith leat scéalta nó scannáin in a bhfuil dúnmharú ag tarlú?   | Do you like stories or movies in which there are murders?                                   |
| 3. | An fearr leat úrscéalta nó gearrscéalta?   | Do you prefer novels or short stories?  |
| 4. | Cén saghas leabhar is maith leat?  | What kind of books do you like?   |

**Dúnmharú ar an Dart (Ruairí Ó Baille)**

**Murder on the Dart**

1. „Ó a dhiabhail!” “Oh, devil!”
2. Rith Niall Ó Conaill amach an doras ar nós na gaoithe. Niall O’Connell ran out the door like the wind.
3. Bhí sé a leathuair tar éis a hocht agus bhí cúig nóiméad aige chun an Dart a fháil It was half past eight and he had 5 minutes to get the Dart.
4. Bhí a theach ar an tSeanchill síos an bóthar ón stáisiún, His house was in Shankill down the road from the station,
5. ach an mhaidin seo bhí sneachta agus leac oighir gach áit. but this morning there was snow and ice everywhere.
6. Nuair a tháinig sé go dtí bun an bhóthair, bhí an t-oighear an-dona. When he came to the end of the road, the ice was very bad.
7. Lean sé air, ag rith agus ag scátáil go dtí gur shroich sé an stáisiún. He continued on, running and skating until he reached the station.
8. Go tobann, tógadh dá chosa é. “Aaaaagh!” Suddenly, he slipped. “Aaaaagh!”
9. Chuaigh a chás suas san aer, agus thit Niall ar a thóin ar an talamh. His case went up in the air, and Niall fell on his bum on the ground.
10. Bhí áthas air nach raibh aon daoine timpeall. He was happy that there weren’t any people around.
11. Sheas sé agus thosaigh sé ag siúl arís – go mall an uair seo. He stood up and he began walking again – slowly this time.
12. Ansin, chuala sé an traein, agus thosaigh sé ag rith. Then, he heard the train, and he began running.
13. Ach bhí sé ródhéanach. But he was too late.
14. Nuair a shroich sé an t-ardán, chonaic sé na doirse ag dúnadh agus an traein ag imeacht léi. When he reached the platform, he saw the doors closing and the train going off.

- |     |  |  |
|-----|--|--|
| 15. | "Damnú air!" ar seisean.   | "Damn it!" he said.  |
| 16. | Tháinig traein eile, agus fuair Niall suíochán gan aon trioblóid.                                  | Another train came, and Niall got a seat without any trouble.                                  |
| 17. | "Huth! Tá gach duine fós sa leaba!" a dúirt sé leis féin.  | "Huh! Everybody is still in bed!" he said to himself.  |
| 18. | "Is amadán mise agus teacht amach maidin mar seo.  | "I'm a fool coming out on a morning like this.   |
| 19. | Beidh an scoil dúnta."   | The school will be closed."  |
| 20. | Stop an Dart ag Deilginis agus d'fhág cúpla duine an traein.                                       | The Dart stopped at Dalkey and a few people left the train.                                    |
| 21. | Ach ní raibh aon duine ag fanacht ar an ardán.   | But nobody was waiting on the platform.  |
| 22. | "Níl duine ar bith ag dul ag obair inniu!  | Nobody is going to work today.   |
| 23. | D'fhéach sé timpeall agus chonaic sé fear óg le cás dubh ina láimh ag rith chun an traein a fháil. | He looked around and saw a young man with a black case in his hand running to catch the train. |
| 24. | Bhí dath dearg ar a aghaidh ó bheith ag rith agus ní raibh cuma mhaith air ar chor ar bith.        | His face was red from running and he didn't look good at all.                                  |
| 25. | D'fhoscail an fear doras na traenach, agus tháinig sé ar bord.                                     | The man opened the train door and came aboard.   |
| 26. | Chonaic Niall go raibh a chás díreach cosúil lean chás féin.                                       | Neill saw that his briefcase was just like his own case.                                       |
| 27. | "Múinteoir eile? Ní hea, tá sé róshalach."   | Another teacher? No, he's too dirty.   |
| 28. | Bhí fearg ar Niall nuair a shuigh an duine eile in aice leis.                                      | Niall was angry when the other man sat next to him.  |
| 29. | "Huth! Fiche suíochán folamh sa charráiste, agus caithfidh sé suí ar mo cheannsa.!"                | "Huh! Twenty empty seats in the carriage, and he has to sit on mine."                          |

**Ceisteanna**

1. Cén t-am é sa scéal?
2. Cá bhfuil Niall ina chónaí?
3. Cá raibh Niall ag dul?
4. Cad a bhí ina láimh ag Niall?
5. Ar shroich Niall an traein in am?
6. Cár stop an traein?
7. Cé a tháinig ar board?
8. Cad a bhí ag an bhfear?
9. Cár shuigh an fear?
10. An maith leat an sneachta?
11. An ndeachaigh tú áit éigin ar an traein?
12. An fearr leat suigh i d'aonair nó in aice le daoine eile?

**Questions**

- What time is it in the story?
- Where does Niall live?
- Where was Niall going?
- What did Niall have in his hand?
- Did Niall reach the train in time?
- Where did the train stop?
- Who came on board?
- What did the man have?
- Where did the man sit?
- Do you like the snow?
- Did you go some place on the train?
- Do you prefer to sit by yourself or next to other people?